**An Binse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí:**

Bunaíodh an Binse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí i mí na Samhna 2020 faoi alt 74 d'Acht 2015. Breithníonn an Binse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí iarratais ón gCoiste um Ghearáin in ÚRSD agus ón Dlí-Chumann agus comhlíonann sé feidhmeanna eile a shanntar dó faoin Acht.

*Gearáin a Fháil*

Is iad seo na trí fhoras le gearáin maidir le dlí-chleachtóirí atá ann faoin Acht:

- bhí na seirbhísí dlí a sholáthair an dlí-chleachtóir de chaighdeán neamhdhóthanach;
- bhí méid na gcostas a bhí á lorg ag an dlí-chleachtóir iomarcach; nó
- rinne an dlí-chleachtóir gníomh nó neamhghníomh arb ionann é agus mí-iompar faoin Acht.

Tá sainmhíniú leathan tugtha ar mhí-iompar san Acht agus áirítear leis aon ghníomh nó aon neamhghníomh a bhfuil calaois nó mímhacántacht ag gabháil leis nó ar dóigh dó míchlú a tharraingt ar an ngairm.

Tarchuireann ÚRSD gearáin a bhaineann le mí-iompar chuig an gCoiste um Ghearáin. Imscrúdaíonn an Coiste um Ghearáin in ÚRSD gearáin a dtarchuireann an tÚdarás iad chuige. I gcás go measfaidh an Coiste um Ghearáin go bhfuil an gníomh nó an neamhghníomh is ábhar don ghearán de chineál a fhágann gur cuí don Bhinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí é a bhreithniú, féadfaidh sé iarratas a dhéanamh chuig an mBinse.

Féadfaidh an Dlí-Chumann freisin iarratais a dhéanamh chuig an mBinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí i gcás go sainaithníonn sé mí-iompar féideartha in imthosca áirithe.

Is féidir tuilleadh faisnéise faoi fheidhm gearán ÚRSD a fháil ag www.lsra.ie nó i gCuid 6 d'Acht 2015.

*Próiseas an Bhinse*

Tá ag an mBinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí, chun críocha aon fhiosrúchán a sheoladh faoin Acht, na cumhachtaí, na cearta agus na pribhléidí a dhílsítear don Ard-Chúirt.

Féadfaidh an Binse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí tabhairt ar fhinnéithe freastal, iallach a chur orthu doiciméid a thabhairt ar aird, agus iallach a chur orthu doiciméid a fhollasú faoi mhionn nó faoi dhearbhasc.

Is ar mhodh éisteacht ó bhéal a sheoltar éisteachtaí an Bhinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí agus is go poiblí a éistear iad, ach amháin i gcás gur deimhin leis an mBinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí gur gá éisteacht an fhiosrúcháin nó aon chuid de a sheoladh go príobháideach ar mhaithe leis an gceartas.

Tar éis dó an fiosrúchán a sheoladh, déanfaidh an Binse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí cinneadh i dtaobh cibé acu, ar bhonn na fianaise, is mí-iompar é nó nach ea gach gníomh nó neamhghníomh lena mbaineann an fiosrúchán. I gcás go gcinnfidh an Binse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí gur mí-iompar é an gníomh nó neamhghníomh, déanfaidh an Binse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí cinneadh i dtaobh ar chóir smachtbhanna a fhorchur.

Féadfar achomhairc a dhéanamh chun na hArd-Chúirte i gcoinne cinntí ón mBinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí.

Is é nó í Uachtarán na hArd-Chúirte a cheapann an Binse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí ar ainmniú ón Aire agus is é a bheidh air 33 dhuine. Is comhaltaí tuata an tromlach de chomhaltaí an Bhinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí agus is ainmnithe eile ón Dlí-Chumann agus ó Bharra na hÉireann iad na comhaltaí eile. Suíonn an Binse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí i Rannáin ina mbeidh triúr comhaltaí ar a laghad.

Is féidir tuilleadh faisnéise faoi Fheidhm Gearán ÚRSD agus faoi obair an Bhinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí a fháil ar shuíomh Gréasáin ÚRSD ag www.lsra.ie agus san Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015.

**Feidhm an Phoist:**

Déileálann na Feidhmeannaigh Dhlí san Aonad Tacaíochta don Bhinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí go díreach le gearáin i gcoinne dlí-chleachtóirí a bhaineann le mí-iompar. Sa ról sin, tugann sé/sí tacaíocht riaracháin agus lóistíochtúil do chomhaltaí an Bhinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí agus do Chláraitheoir an Bhinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí.

Déanann na Feidhmeannaigh Dhlí idirchaidreamh leis na páirtithe in iarratas freisin, lena n-áirítear an t-iarratasóir, an t-aturnae nó abhcóide is freagraí, a (h)ionadaithe dlíthiúla agus, nuair is gá, Dlí-Chumann na hÉireann.

**Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí:**

Beidh freagracht ar na Feidhmeannaigh Dhlí as na nithe seo a leanas:

- Doiciméid agus litreacha a ullmhú;
- Fógraí a ullmhú faoi fhiosrúcháin atá le teacht, agus a áirithiú go seirbheáiltear iad ar na páirtithe;
- Cláir oibre a ullmhú le haghaidh fiosrúchán agus réamhiarratas;
- Freastal ar chruinnithe agus fiosrúcháin an Bhinse nuair a éilítear orthu déanamh amhlaidh, lena n-áirítear suí mar Chláraitheoir Binse ar dháta na gcruinnithe Binse;
- Idirchaidreamh a dhéanamh le Cláraitheoir an Bhinse maidir le bainistiú na gcásanna atá os comhair an Bhinse;
- Orduithe Binse agus tuarascálacha d'Uachtarán na hArd-Chúirte a ullmhú;
- Gníomhú mar Oifigeach Cosanta Sonraí agus mar Oifigeach Saorála Faisnéise don Bhinse, agus idirchaidreamh a dhéanamh le geallsealbhóirí inmheánacha agus seachtracha agus le comhairleoirí inmheánacha agus seachtracha maidir le nithe cosanta sonraí agus nithe saorála faisnéise de réir mar is gá;
- Cabhrú le caiteachais comhaltaí a bhainistiú, idirchaidreamh a dhéanamh le comhaltaí an Bhinse, taifid a choinneáil ar fhreastal agus ar chaiteachais éilithe, bunachair sonraí caiteachas a chomhlánú agus a chothabháil, agus athbhreithnithe a

